Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2026**
**(OR. en)**

**15692/26**

**CO EUR-PREP 33**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Samhain 2026) – Dréacht-Chonclúidí |

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí a d'ullmhaigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin.*

## I. SAINCHEISTEANNA COTHROMÁNACHA

1. Leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile, cumhdófar na seacht mbliana ó 2028 go dtí 2034. Cuirfidh an buiséad ar chumas an Aontais Eorpaigh freagairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus a thosaíochtaí polaitiúla a chomhlíonadh. Cumhdaítear leis beartais nua agus beartais sheanbhunaithe d'fhonn slándáil agus rathúnas fadtéarmach an Aontais a áirithiú. Is iomaí riachtanas atá ag an Eoraip: ní mór dúinn freagracht a ghlacadh as ár slándáil féin, lena n-áirítear trí chumais chosanta níos láidre, trínár dteorainneacha agus ár luachanna a chosaint agus trí bhainistiú imirce. Ní mór dúinn borradh a chur faoinár n-iarrachtaí ar son an iomaíochais agus an aistrithe ghlain freisin. An tráth céanna, is den ríthábhacht i gcónaí dár bpobail agus dár saoránaigh iad beartais sheanbhunaithe a eascraíonn as oibleagáidí Conartha, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT). Tá ár dtiomantas don Úcráin ina chuid dhílis dár n-uaillmhianta foriomlána, mar aon lenár gceannaireacht leanúnach maidir le cúnamh daonnúil agus forbartha.

2. Beidh an struchtúr seo a leanas ag an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2028 go dtí 2034:

   i) Ceannteideal 1: Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas tuaithe agus muirí agus slándáil

   ii) Ceannteideal 2: Iomaíochas, rathúnas agus slándáil

   iii) Ceannteideal 3: An Eoraip Dhomhanda

   iv) Ceannteideal 4: Riarachán.

Tá gá le struchtúr buiséid níos simplí agus níos éifeachtúla chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach tráth na héiginnteachta geopholaitiúla agus eacnamaíche. Déantar an caiteachas a ghrúpáil faoi cheithre Cheannteideal chun tosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a léiriú agus chun an tsolúbthacht is gá idir na hacmhainní leithdháilte a sholáthar. Ina theannta sin, leis an laghdú ar líon na gclár, féachtar le comhleanúnachas a áirithiú agus sineirgí a chur chun cinn. Beidh an creat foriomlán ina léiriú ar iarrachtaí an Aontais Eorpaigh i gcoitinne simpliú a dhéanamh, agus ba cheart laghdú ar an ualach riaracháin do thairbhithe, d'údaráis bhainistíochta agus do chomhlachtaí iniúchóireachta a bheith ina thoradh air.

3. Chun infheistíocht a chothú agus geilleagar na hEorpa a chlaochlú go rathúil, tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú agus dlús a chur leo. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an togra reachtach a fógraíodh a thíolacadh, sa chéad leath de 2027, chun tús áite a thabhairt do nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh infheistíochtaí i réimsí an dícharbónaithe, an fhuinnimh, an digitithe, na hintleachta saorga, na cosanta agus na tithíochta, agus chun dlús a chur leis na nósanna imeachta sin, lena n-áirítear an chuid atá á gcistiú ag an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus ag na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

4. Le CAI, beidh deiseanna ann tacú leis na réigiúin uile atá ar theorann sheachtrach an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na réigiúin sin ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine, nó in aice na Mara Duibhe, agus é d'aidhm leis sin feabhas a chur ar ullmhacht cosanta agus cumais chriticiúla na hEorpa de réir mar a dhéantar forbairt orthu, agus feabhas a chur freisin ar ullmhacht, ar athléimneacht agus ar shlándáil na hEorpa agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu ó thaobh an gheilleagair, na forbartha sóisialta agus críochaí agus na nascachta de.

5. Is é EUR 1 582 516 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 1 553 665 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí an t-uasfhigiúr iomlán do chaiteachas an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2028-2034. Tugtar tuairisc thíos ar mhiondealú ar mhéideanna na n-uasteorainneacha bliantúla ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de réir Ceannteidil. Leagtar amach na figiúirí céanna freisin sa tábla atá in 16196/26, áit a leagtar amach freisin na huasteorainneacha bliantúla le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Mura sonraítear a mhalairt, tugtar na figiúirí go léir agus leas á bhaint as praghsanna seasmhacha ó 2025.

6. Déanfar coigeartuithe uathoibríocha bliantúla teicniúla don bhoilsciú agus úsáidfear díbhoilsceoir 2 % chuige sin. I gcás ina mbeidh an meánráta boilscithe bliantúil thar an tréimhse 3 bliana lena gcuimsítear blianta n-1, n agus n+1 faoi bhun 1 % nó os cionn 3 %, déanfar leasú ar an gcoigeartú do bhliain n+1 trí 50 % den difríocht idir an meánráta boilscithe 3 bliana sin agus an ráta tagartha 2 % a chur leis.

7. Déanfar CAI a athbhreithniú i gcás ina ndéanfar athbhreithniú ar na Conarthaí, i gcás ina ndéanfar an Chipir a athaontú nó i gcás ina dtiocfaidh Ballstáit nua isteach san Aontas Eorpach.

8. Tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh an CAI a bheidh ann tar éis 2034 roimh an 1 Iúil 2032.

9. Tá na conclúidí seo gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirtear san áireamh leo, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

**Simpliú**

10. Beidh struchtúr simplithe cuichóirithe ag CAI darb aidhm an dolúbthacht agus an t-ualach riaracháin ar údaráis agus ar thairbhithe a laghdú. Leis an struchtúr nua sin, ba cheart maolú a dhéanamh ar na cuspóirí forluiteacha atá ann idir na cláir agus rochtain shimplithe a thabhairt ar dheiseanna cistiúcháin agus ar fhaisnéis bhuiséadach d'iarratasóirí agus do thairbhithe, agus comhleanúnachas á áirithiú agus sineirgí idir na cláir á gcur chun cinn ag an am céanna.

11. Fotháirge dosheachanta i gclársceidealú ilbhliantúil agus i leithreasuithe difreáilte atá in RAL (*reste à liquider*). Meastar, áfach, go sroichfidh RAL EUR 317 000 milliún (praghsanna reatha) faoi dheireadh an chreata airgeadais don tréimhse 2021-2027, rud a fhágfaidh gur íocaíochtaí ón CAI reatha a bheidh i méid suntasach de na híocaíochtaí foriomlána i mblianta tosaigh an chéad CAI eile. Chun leibhéal agus próifíl intuartha chomh maith le dul chun cinn ordúil íocaíochtaí a áirithiú agus freagrúlacht bhuiséad an Aontais a mhéadú, glactar bearta éagsúla, mar shampla, simpliú an chur chun feidhme, socrú rátaí réamh-mhaoinithe iomchuí, rialacha maidir le saoradh, agus glacadh tráthúil na reachtaíochta earnálaí do CAI 2028-2034.

12. I gcás ina nglacfar rialacha nó pleananna faoin mbainistíocht chomhroinnte tar éis an 30 Samhain 2028, aistreofar na méideanna a chomhfhreagraíonn do leithdháiltí nár úsáideadh in 2028, cé is moite de ghealltanais maidir le réamh-mhaoiniú, i gcionmhaireachtaí comhionanna le haghaidh ceann de na blianta 2029 go 2032, agus coigeartú comhfhreagrach á dhéanamh ar uasteorainneacha CAI.

13. De réir phrionsabal na haontachta buiséadaí, cuirtear gach mír de chaiteachas an Aontais san áireamh, de ghnáth, in CAI. I bhfianaise a sainiúlachtaí, áfach, cuirfear roinnt ionstraimí lasmuigh d'uasteorainneacha CAI i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí nó is míreanna seachbhuiséid a bheidh iontu.

**Solúbthacht**

14. Ní mór é a bheith d'acmhainn ag an Aontas Eorpach freagairt ar imthosca eisceachtúla agus ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, bíodh siad inmheánach nó seachtrach. Ag an am céanna, caithfear an gá atá le solúbthacht a mheas i bhfianaise an ghá le hintuarthacht le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha chomh maith le prionsabail an smachta bhuiséadaigh agus thrédhearcacht chaiteachas an Aontais, agus cineál ceangailteach uasteorainneacha CAI á urramú ag an am céanna.

15. I gcomhréir leis an gcumas freagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus cistí a chur in ord nua tosaíochta, ba cheart ath-leithdháiltí agus ath--chlársceidealú a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de chláir eatarthu a éascú le CAI. Aon diall a d'fhéadfadh a bheith ann ón imchlúdach airgeadais táscach do na cláir ilbhliantúla, ní bheidh an diall sin níos mó ná 20 % den mhéid do ré iomlán an chláir. Níl feidhm aige sin maidir le leithreasuithe a réamh-leithdháiltear in aghaidh an Bhallstáit.

16. Socrófar corrlaigh iomchuí faoi gach Ceannteideal. Laistigh de chláir áirithe, bunófar méideanna agus cúlchistí neamh-leithdháilte. I dtimpeallacht atá ag athrú de shíor, ba cheart acmhainní chun freagairt ar ghéarchéimeanna, mar shampla tubaistí nádúrtha, a bheith mar chuid den tsolúbthacht ionsuite i gcláir áirithe freisin, gan an bonn a bhaint dá bpríomhchuspóirí.

17. Is é a bheidh san Ionstraim Corrlaigh Aonair an méid seo a leanas:

i) Ó 2029 ar aghaidh, na corrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas don bhliain n-1, tá siad le cur ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh (‘Corrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas’).

ii) Ó 2029 ar aghaidh, mar chuid den choigeartú teicniúil, féadfaidh an Coimisiún an uasteorainn íocaíochta le haghaidh na mblianta 2029-2034 a choigeartú suas le méid atá coibhéiseach leis an difríocht idir na híocaíochtaí arna bhforghníomhú agus uasteorainn íocaíochta CAI don bhliain-1 (Corrlach Foriomlán le haghaidh Íocaíochtaí). Déanfar aon choigeartú suas a fhritháireamh tríd an laghdú comhfhreagrach a dhéanamh ar an uasteorainn íocaíochta don bhliain n-1. Ní rachaidh na coigeartuithe foriomlána le haghaidh na mblianta 2032-2034 thar EUR 100 000 milliún i gcomparáid leis an uasteorainn íocaíochta bhunaidh.

iii) Mar rogha dheireanach chun freagairt ar imthosca gan choinne, is féidir méideanna a chur ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nó leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ar choinníoll go ndéantar iad a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh na gcorrlach i gceann amháin nó níos mó de cheannteidil CAI le haghaidh na bliana airgeadais reatha nó le haghaidh na mblianta airgeadais amach anseo nó in aghaidh an chorrlaigh faoin uasteorainn íocaíochta (Corrlach Teagmhais). Na méideanna a dhéantar a fritháireamh, ní shlógfar a thuilleadh iad i gcomhthéacs CAI.

An méid iomlán a shlógfar faoin gCorrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas agus faoin gCorrlach Teagmhais in aon bhliain ar leith, ní rachaidh sé thar 0,04 % de OIN an Aontais i gcás gealltanas agus 0,03 % de OIN an Aontais i gcás íocaíochtaí, agus beidh sé comhsheasmhach le huasteorainn na n-acmhainní dílse.

18. Leis an Ionstraim Sholúbthachta, maoineofar caiteachas sonrach gan choinne nach féidir a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha atá ar fáil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na Ceannteidil. Beidh na leithreasuithe os cionn uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Socrófar an méid socraithe bhliantúil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta ag EUR 2 000 milliún. Gach bliain, ó 2029 ar aghaidh, méadófar an méid socraithe bliantúil a bheidh ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta faoi mhéid atá coibhéiseach le saoradh na leithreasuithe a dhéanfar le linn bhliain n-2. Is faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil a chinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh.

    Féadfar an chuid sin den mhéid bliantúil den Ionstraim Sholúbthachta nach mbainfear úsáid aisti a úsáid suas go bliain n+2. Aon chuid den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid aisti faoi bhliain n+2, rachaidh sí in éag.

**Rialachas**

19. Ba cheart rialachas láidir agus rannpháirtíocht iomchuí na mBallstát agus na n-institiúidí ábhartha, go háirithe an Chomhairle, i bpleanáil agus i gcoigeartú gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí chomh maith le cur chun feidhme an bhuiséid a bheith mar bhonn taca le méid riachtanach na solúbthachta foriomláine. Áiritheofar leis sin go mbeidh buiséad an Aontais ailínithe go dlúth le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh ar fud na gclár caiteachais.

20. Beidh dlúthbhaint ag na Ballstáit go tráthúil le tosaíochtaí a leagan síos agus le cinneadh a dhéanamh maidir le cláir oibre laistigh de chláir chaiteachais sna fóraim iomchuí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí nósanna imeachta coiste iomchuí, go háirithe trína rannpháirtíocht sa nós imeachta scrúdúcháin agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á sheachaint. Beidh an Chomhairle rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, trí phlé straitéiseach. Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainn na gcumhachtaí a thugtar di sna Conarthaí. Beidh gníomhartha tarmligthe teoranta do ghnéithe neamhriachtanacha de na gníomhartha reachtacha faoi seach.

21. Ba cheart, de ghnáth, fad chláir earnálacha CAI a ailíniú le creat ama CAI 2028 2034.

**Tionchar agus feidhmíocht**

22. Ba cheart ról bhuiséad an Aontais maidir le tacú le cur chun feidhme éifeachtach na gcuspóirí beartais uile-Aontais a fheabhsú a thuilleadh. Bunófar creat cothrománach rianaithe caiteachais agus feidhmíochta do bhuiséad an Aontais chun na torthaí a léiriú agus chun an dul chun cinn a baineadh amach le caiteachas an Aontais a athchóiriú, agus chun tomhas a dhéanamh ar éifeacht bhuiséad an Aontais chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais a dhéanfar amach anseo. Ba cheart creat feidhmíochta cothrománach a bheith ag rannchuidiú freisin le teorainn a chur leis an ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais d'údaráis agus do thairbhithe.

23. Ba cheart giaráil shuntasach a chur ar fáil leis an mbuiséad chun tionchar chaiteachas an Aontais a mhéadú. Áirítear leis sin leibhéal leordhóthanach cómhaoinithe ar fud na gclár. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an iarracht fhoriomlán maidir le comhdhlúthú, ba cheart ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a chuíchóiriú a thuilleadh, go háirithe trí raon uirlisí airgeadais an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus na hEorpa Domhanda, agus tríd an mbuiséad a ghiaráil chun infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh. Agus na deiseanna a chuireann cistiú den chineál sin ar fáil á n-aithint, ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhliteanais airgeadais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais.

24. Ba cheart cláir agus ionstraimí an Aontais a bheith ag rannchuidiú, ar bhealach atá cóir, cothrom ó thaobh na sochaí de agus costéifeachtach, le gealltanais fhadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus chun cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta a chur chun cinn. Mar chuid de na hiarrachtaí chun torthaí a bhaint amach maidir leis na tosaíochtaí sin, ba cheart ar a laghad 35 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais, cé is moite de chaiteachas a bhaineann le cosaint agus slándáil, a bheith ina thaca le cuspóirí aeráide agus comhshaoil. Ba cheart modheolaíocht éifeachtúil chomhréireach thrédhearcach a bheith mar bhonn taca leis sin. Ba cheart don bhuiséad a áirithiú freisin go mbeidh caiteachas an Aontais comhsheasmhach le cuspóirí Chomhaontú Pháras, leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', le sprioc aeráide an Aontais Eorpaigh astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus ualaí riaracháin ar údaráis agus ar thairbhithe á dteorannú ag an am céanna.

25. Cuirfear an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ i bhfeidhm go trédhearcach agus go comhréireach, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, i gcomhréir iomlán leis an Rialachán maidir leis an gCreat Feidhmíochta. Ba cheart treoraíocht a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm cuíchóirithe an phrionsabail trí bhíthin gníomh cur chun feidhme faoin nós imeachta scrúdúcháin, tar éis dul i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit. Ba cheart réimsí beartais nó réimsí idirghabhála a shainaithint sa treoraíocht a mheastar a bheith comhlíontach gan aon mheasúnú breise le déanamh orthu. Le haghaidh na treoraíochta sin, ba cheart a mheas go gcomhlíontar an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ leis an tacaíocht atá faoi réir na gcoinníollacha maoirseachta feirme. Thairis sin, sainaithneofar leis an treoraíocht sin cásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta ná iomchuí go gcuirfí i bhfeidhm an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, mar shampla de bharr géarchéimeanna, riachtanas geostraitéiseach nó cúiseanna eile a bhaineann le leas poiblí sáraitheach. I ndáil leis sin, níl sé indéanta ná iomchuí an prionsabal sin a chur i bhfeidhm maidir le himirce ná le bainistiú teorainneacha, ná le cosaint agus slándáil, lena n-áirítear soghluaisteacht mhíleata.

26. Chun cur chun feidhme fónta bhuiséad an Aontais agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, áireofar in CAI coimircí láidre chun a áirithiú go n-urramófar an smacht reachta agus go gcuirfear an Chairt um Chearta Bunúsacha i bhfeidhm go héifeachtach agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát. Cuirfear na coimircí sin i bhfeidhm go cothrom, go neamhchlaonta agus bunaithe ar fhíricí, rud a áiritheoidh próis chuí.

27. Le córas láidir éifeachtúil iniúchóireachta agus rialaithe, áiritheofar dlíthiúlacht agus iontaofacht na n-íocaíochtaí, seachnófar dúbláil freagrachtaí agus cuirfear prionsabal na comhréireachta san áireamh.

## II. CEANNTEIDEAL 1 – COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH, TALMHAÍOCHT, RATHÚNAS TUAITHE AGUS MUIRÍ AGUS SLÁNDÁIL

28. Is é is cuspóir don Cheannteideal seo breisluach AE a chur ar fáil trí chomhtháthú, cóineasú aníos, fás eacnamaíoch, iomaíochas, fostaíocht ardcháilíochta, athléimneacht agus slándáil a chothú trí thacú le hinfheistíochtaí agus le hathchóirithe ar mhaithe le hEoraip chuimsitheach, inbhuanaithe, rathúil, uathrialach agus shlán. Beidh sé d'aidhm ag an gcaiteachas faoin gCeannteideal seo éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha a laghdú, tarraingteacht agus forbairt na gceantar tuaithe a chothú agus tacú le hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh an Aontais Eorpaigh atá athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe, chomh maith le borradh a chur faoin ngeilleagar gorm, infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, cumais chosanta an Aontais Eorpaigh a threisiú, slándáil agus bainistiú imirce a neartú agus teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, agus dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair ar fud an Aontais Eorpaigh á áirithiú ag an am céanna. Cumhdófar leis an gceannteideal seo freisin aisíoc NextGenerationEU (NGEU).

29. Is earnálacha straitéiseacha don Aontas Eorpach iad an fheirmeoireacht agus an t-iascach, áirithíonn siad bia sábháilte ar ardchaighdeán don Aontas Eorpach agus tá ról lárnach acu sa tslándáil bia ar fud an domhain. Ioncam feirmeoirí a chobhsú, glúin nua feirmeoirí a mhealladh chuig an bhfeirmeoireacht, slándáil bia a ráthú san Aontas Eorpach agus tacú leis an aistriú i dtreo earnáil talmhaíochta inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil, na sochaí de, a bheidh dírithe ar an margadh agus lena mbainfidh cothrom iomaíochta, is tosaíochtaí bunúsacha i gcónaí iad sin le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta arna mhaoiniú le buiséad an Aontais. Den mheon céanna, leanfaidh buiséad an Aontais de Chomhbheartas Iascaigh (CBI) athléimneach a mhaoiniú.

30. Is é bunchloch an Bheartais Comhtháthaithe i gcónaí forbairt chomhchuí fhoriomlán an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus éagothromaíochtaí a laghdú trí thacú lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Leanfaidh buiséad an Aontais de mhaoiniú a chur ar fáil d'infheistíochtaí agus do choigeartuithe struchtúracha i ngach catagóir réigiún, de réir na ndúshlán sonrach atá acu, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin bheagfhorbartha. Tá dúshláin shonracha roimh réigiúin atá ar theorainn na Rúise nó na Bealarúise, réigiúin a ndéanann bagairtí leanúnacha slándála difear dóibh.

31. Tá gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais maidir le rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar an imirce a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, agus go mbeidh ardleibhéal slándála inmheánaí san Aontas Eorpach, agus prionsabal na saorghluaiseachta daoine agus earraí laistigh den Aontas Eorpach á chosaint ag an am céanna. Leanfaidh buiséad an Aontais de bheith ag tacú le neartú na slándála inmheánaí, lena n-áirítear slándáil i leith géarchéimeanna slándála agus bagairtí hibrideacha a eascraíonn as dúshláin gheopholaitiúla atá ag teacht chun cinn, agus le cur chun feidhme, neartú agus forbairt an chomhbheartais maidir le himirce agus tearmann, an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip agus an bheartais víosaí Eorpaigh. Áiritheofar sineirgí leis an mbeartas seachtrach chun aghaidh a thabhairt ar ghné sheachtrach na himirce.

32. Ní rachaidh leibhéal na ngealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 898 288 milliún.

| CEANNTEIDEAL 1 – COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH, TALMHAÍOCHT, RATHÚNAS TUAITHE AGUS MUIRÍ AGUS SLÁNDÁIL<br><br>(milliúin euro, praghsanna 2025) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 |
| X | X | X | X | X | X | X |

**An Ciste Eorpach um Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, um Thalmhaíocht agus Ceantair Thuaithe, um Iascach agus Gnóthaí Muirí, um Rathúnas agus um Shlándáil**

33. Bunófar Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil chun rannchuidiú leis na cuspóirí beartais seo a leanas:

– tacú le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe trí mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas Eorpach agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú agus comhar críochach Eorpach a chur chun cinn, lena n-áirítear tacú le tionscadail i réimse an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach;

– tacú le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe trí fhostaíocht ardcháilíochta, oiliúint, oideachas agus scileanna agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú agus trí rannchuidiú le haistriú atá cothrom go sóisialta i dtreo na haeráidneodrachta;

– tacú le cur chun feidhme Chomhbheartas Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh;

– tacú le cur chun feidhme Chomhbheartas Iascaigh an Aontais Eorpaigh;

– cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a neartú agus luachanna an Aontais a chaomhnú;

– tacú le cur chun feidhme beartas a bhaineann le tearmann, imirce agus lánpháirtiú chomh maith le bainistiú teorainneacha agus beartas víosaí agus slándáil inmheánach.

34. Déanfar an Ciste a sheachadadh go príomha trí imchlúdaigh airgeadais réamh-leithdháilte náisiúnta agus cuirfear chun feidhme é faoi bhainistíocht chomhroinnte.

35. Méid iomlán de EUR 740 612 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais faoin gCiste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil agus is mar seo a leithdháilfear é:

    i) EUR 697 544 mhilliún do na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, lena n-áirítear:

        a) EUR 195 024 mhilliún, ar a laghad, do réigiúin bheagfhorbartha;

        b) EUR 261 012 mhilliún ar a laghad le haghaidh tacaíocht ioncaim faoin gComhbheartas Talmhaíochta (‘íosmhéid le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT’);

        c) EUR 3 550 milliún ar a laghad le haghaidh idirghabhálacha an Chomhbheartais Iascaigh (‘íosmhéid d’idirghabhálacha CBI’);

        d) EUR 30 608 milliún, ar a laghad, le haghaidh bainistiú imirce, teorainneacha agus víosaí agus bearta slándála inmheánaí;

    ii) EUR 7 970 milliún do Phlean Interreg;

    iii) EUR 35 098 milliún do Shaoráid an Aontais.

    Ar thionscnamh ón gCoimisiún, déanfar 0.5 % den mhéid iomlán a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil.

36. Déanfar 14 %, ar a laghad, den mhéid foriomlán faoin gCiste, lena n-áirítear na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, gan íosmhéideanna na n-idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT agus na n-idirghabhálacha agus CBI ná an maoiniú faoin gCiste Aeráide Sóisialta a chur san áireamh, a thiomnú do chuspóirí sóisialta an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

37. Tiomnófar 10 %, ar a laghad, den mhéid foriomlán faoi na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, gan íosmhéideanna idirghabhálacha CBT agus CBI ná an maoiniú faoin gCiste Aeráide Sóisialta a chur san áireamh, d’idirghabhálacha CBT.

38. Thairis sin, meastar go ranníocfaidh na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí 43 % den mhéid foriomlán, gan caiteachas ar chosaint agus slándáil, ná ar imirce, bainistiú teorannacha agus víosaí ná ar an tslándáil inmheánach a áireamh, chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

*Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí*

39. Ullmhóidh na Ballstáit pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus chun rannchuidiú leis na sé chuspóir shonracha agus leis na cuspóirí ábhartha sonracha faoi gach fomhír den Chiste, agus dúshláin agus riachtanais shonracha an Bhallstáit lena mbaineann agus réigiúin an Bhallstáit sin á gcur san áireamh. Leagfar amach sna pleananna athchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile lena rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha uile faoin Seimeastar Eorpach, nó ar fhothacar suntasach díobh, laistigh de raon feidhme chuspóirí sonracha an Chiste, na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta, mholtaí náisiúnta CBT, na moltaí don Deacáid Dhigiteach, na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus doiciméid agus straitéisí ábhartha i réimse na ngnóthaí baile. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú ar an bplean freisin an leithdháileadh airgeadais chomh maith le raon agus scála dhúshláin thírshonracha an Bhallstáit lena mbaineann, prionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne agus cé acu a thugtar nó nach dtugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha i bpleananna nó i ndoiciméid náisiúnta eile arna nglacadh ar leibhéal an Aontais.

40. Déanfar na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéal, lena n-áirítear na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus i gcomhréir le creataí institiúideacha, dlíthiúla agus airgeadais na mBallstát. Chuige sin, ní mór dearadh na bpleananna a bheith ina léiriú ar an gcomhar le húdaráis réigiúnacha agus le húdaráis phoiblí eile, agus ról na réigiún a chosaint.

41. Roinnfear na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí de réir caibidlí. Féadfaidh na Ballstáit caibidlí náisiúnta agus earnálacha mar aon le caibidlí réigiúnacha agus críochacha, nó teaglaim díobh sin, a áireamh, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht iliomad páirtithe leasmhara. Féadfaidh an Ballstát iliomad caibidlí réigiúnacha agus críochacha a áireamh. Féadfar caibidil maidir le CBT a áireamh sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun rannchuidiú le sainiúlacht CBT.

42. Sa chlársceidealú, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar infheistíocht iomchuí i mbearta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe i ngach catagóir réigiún, agus na leibhéil infheistíochta reatha á gcur san áireamh. Má tá an leithdháileadh a dhéantar ar na réigiúin trasdula agus ar na réigiúin níos forbartha níos ísle ná 75 % den leibhéal infheistíochta reatha, soláthróidh na Ballstáit an t-údar leis sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

43. Déanfaidh an Coimisiún na Pleananna a mheas laistigh de 4 mhí tar éis a dtíolactha agus ansin déanfaidh an Chomhairle iad a fhormheas. Déanfaidh an Coimisiún leasuithe ar na Pleananna, seachas mionleasuithe nó mioncheartúcháin, a mheas laistigh de 2 mhí ó thíolacadh an Phlean leasaithe agus ansin déanfaidh an Chomhairle iad a fhormheas.

44. Féadfaidh na Ballstáit údaráis bhainistíochta a bhunú ar an leibhéal réigiúnach i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha agus dlíthiúla, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht dhíreach na n-údarás réigiúnach i mbainistiú agus i gcur chun feidhme na bPleananna. Féadfaidh na húdaráis bhainistíochta réigiúnacha dul i mbun caibidlíochta agus idirghníomhú go díreach leis an gCoimisiún. I gcás ina sainaithneoidh Ballstát níos mó ná údarás bainistíochta amháin, ceapfaidh sé údarás amháin nó níos mó a ghlacfaidh an fheidhm chomhordúcháin chun cur chun feidhme comhleanúnach an phlean a áirithiú. Féadfar cúraimí na feidhme comhordúcháin a chur de chúram ar údarás amháin nó níos mó, agus é á áirithiú ag an am céanna nach gcuirfear gach cúram ach ar údarás amháin. A mhéid is féidir, chun leanúnachas agus costéifeachtúlacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit cur leis na struchtúir agus na hinstitiúidí rialachais atá ann cheana.

45. Beidh eisíocaíocht na n-íocaíochtaí bunaithe ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha nó na n-aschur ábhartha. Déanfar iniúchóireacht agus prionsabal na hiniúchóireachta aonair á chur i bhfeidhm.

46. Cuirfear méid solúbthachta a bheidh cothrom le 25 % den mhéid a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ar fáil don chlársceidealú mar a leanas:

    i) 5 % chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha shonracha mar fhreagairt ar ghéarchéim roimh an athbhreithniú meántéarma. Déanfar aon mhéid a bheidh fanta a chlársceidealú le linn an athbhreithnithe meántéarma ar riachtanais atá ag teacht chun cinn;

    ii) 15 % tar éis an athbhreithnithe meántéarma chun freastal a dhéanamh ar riachtanais atá ag teacht chun cinn;

    iii) 5 % chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha shonracha mar fhreagairt ar ghéarchéim tar éis an athbhreithnithe meántéarma ó 2031 i leith. Beidh a bhfuil fanta ar fáil don chlársceidealú faoin bplean tar éis mhí an Mheithimh 2033.

    Ní chuirfear san áireamh sa mhéid solúbthachta an ranníocaíocht airgeadais do Phlean Interreg ná an t-íosmhéid le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT.

47. Féadfaidh na Ballstáit suas le dhá thrian den mhéid a bheidh ar fáil don athbhreithniú meántéarma a úsáid chun idirghabhálacha CBT nó bearta le haghaidh limistéir thuaithe a mhaoiniú ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.

48. I gcás géarchéime, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go leasófaí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun an ghéarchéim a fhreagairt. Ina n-iarraidh ar leasú, ba cheart do na Ballstáit riachtanais ath-chlársceidealaithe a shainaithint, nuair is féidir, faoina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime ar bhearta atá ann cheana.

I gcás tubaistí nádúrtha agus géarchéimeanna sláinte os cionn na dtairseach le haghaidh ghníomhaíocht Dlúthpháirtíochta an Aontais, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a iarraidh freisin ar ghníomhaíocht Dlúthpháirtíochta an Aontais faoi Shaoráid AE, faoi réir cistiú a bheith ar fáil. Ba cheart aon mhéid a fhaightear ó Shaoráid AE a mheaitseáil ar a laghad le méid coibhéiseach ó mhéid solúbthachta an Phlean le haghaidh géarchéimeanna, faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

I gcás tubaistí nádúrtha agus géarchéimeanna sláinte atá faoi bhun na dtairseach le haghaidh ghníomhaíocht Dlúthpháirtíochta an Aontais, agus i gcás gach géarchéime eile, lena n-áirítear íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí agus géarchéimeanna i réimse na ngnóthaí baile, féadfaidh na Ballstáit a méid solúbthachta a chlársceidealú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na géarchéime. Chun margaí talmhaíochta a chobhsú, cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil ó ghníomhaíocht Líontáin Sábhála Aontachta Shaoráid AE. I gcás géarchéimeanna i réimse na ngnóthaí baile, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a fháil freisin ó ghníomhaíocht gnóthaí baile Shaoráid AE.

Ní chuirfidh na Ballstáit isteach ach aon iarraidh amháin ar leasú ar an bPlean ina ndéanfar achoimre ar riachtanais chistiúcháin ó gach foinse agus glacfaidh an Coimisiún cinneadh maoiniúcháin amháin a bhaineann leis an iarraidh sin ar leasú.

49. I gcás ina nglacfar an Ciste agus an creat lena mbaineann go déanach, ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí a áirithiú ón mbliain 2028, agus an bhliain sin á cur san áireamh.

*Tithíocht shóisialta agus inacmhainne*

50. Díreoidh na Ballstáit a n-iarrachtaí go háirithe ar bhearta lena gcuirtear tithíocht shóisialta agus inacmhainne chun cinn chun eisiamh tithíochta a chosc agus a laghdú, go háirithe i limistéir atá faoi bhrú tithíochta, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí le hIonstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) nó le bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh chun infheistíochtaí náisiúnta a mhéadú. Chun eisiamh tithíochta a chosc agus a laghdú go héifeachtach, go háirithe sna limistéir sin atá buailte ag strus tithíochta, úsáidfear sciar de na hacmhainní a thagann faoin teideal Gníomhaíochtaí an Aontais i Saoráid an Aontais chun ráthaíocht a sholáthar faoi Ionstraim InvestEU nua CEI le haghaidh infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne, mar chomhlánú ar na hidirghabhálacha faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

*Ciste Aeráide Sóisialta*

51. Féadfar pleananna aeráide sóisialta faoin gCiste Aeráide Sóisialta a chomhtháthú mar chaibidlí ar leith de na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ó 2028 ar aghaidh. Féadfaidh na Ballstáit méideanna a aistriú óna leithdháiltí 2026 agus 2027 faoin gCiste Aeráide Sóisialta chuig a bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

*Catalyst Europe*

52. Beidh tacaíocht iasachta EUR 134 000 milliún ar fáil do na Ballstáit lena cur chun feidhme mar chuid dá bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Beidh an iarraidh ar thacaíocht iasachta nasctha le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise mar aon le hidirghabhálacha eile. Cuirfidh na Ballstáit in iúl faoin 31 Eanáir 2028 go bhfuil rún tosaigh acu tacaíocht iasachta a iarraidh.

53. Dáilfear an tacaíocht iasachta bunaithe ar phrionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta. Ní bheidh sciar na tacaíochta iasachta do na trí fhaighteoir is mó níos airde ná 60 % den mhéid iomlán a bheidh ar fáil le haghaidh na tacaíochta.

*Saoráid AE*

54. Bunófar Saoráid AE chun an tsolúbthacht a mhéadú agus chun cur ar chumas bhuiséad an Aontais aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna gan choinne ar bhealach níos éifeachtaí, chomh maith le hidirghabhálacha a mhaoiniú lena gcomhlánaítear agus lena dtreisítear na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Faoi Shaoráid AE, a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, dhíreach nó indíreach, beidh:

    i) EUR 32 438 milliún le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh Líontán Sábhála Aontachta chun freagairt do shuaitheadh sa mhargadh, chun margaí talmhaíochta a chobhsú agus chun an tionchar ar fheirmeoirí agus ar iascairí de dheasca tubaistí nádúrtha a mhaolú, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an imirce, le bainistiú teorainneacha agus leis an tslándáil inmheánach, le haghaidh gníomhaíochtaí comhshaoil, dúlra agus aeráide, le haghaidh Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta i gcás tubaistí nádúrtha agus le haghaidh gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais. Tiomnófar EUR 8 032 mhilliún ar a laghad do Ghníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta, EUR 3 920 milliún don Líontán Sábhála Aontachta, agus EUR 10 094 mhilliún do ghníomhaíochtaí a bhaineann le gnóthaí baile.

    ii) EUR 2 660 milliún le haghaidh an chúlchiste um dhúshláin, tosaíochtaí agus géarchéimeanna atá ag teacht chun cinn.

55. Cistiú nár úsáideadh agus a bhaineann leis an Líontán Sábhála Aontachta agus le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i gcás tubaistí nádúrtha, tabharfar anonn go dtí an bhliain dár gcionn é agus féadfar leas a bhaint as go dtí 2034.

*Gealltanais bhuiséadacha*

56. Déanfar gealltanais bhuiséadacha (i bpraghsanna reatha) gach Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí i dtráthchodanna bliantúla mar a leanas:

    i) 15,8 % in 2028

    ii) 15,5 % in 2029

    iii) 15,1 % in 2030

    iv) 14,8 % in 2031

    v) 14,4 % in 2032

    vi) 12,8 % in 2033

    vii) 11,6 % in 2034.

*Catagóirí réigiún*

57. I gcás na bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, aicmítear réigiúin ar leibhéal NUTS 2 bunaithe ar chaighdeáin cumhachta ceannaigh (CCC) gach réigiúin, arna ríomh agus sonraí an Aontais á n-úsáid le haghaidh na tréimhse 2021-2023, mar a leanas:

    i) réigiún beagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán-OTI an Aontais`;

    ii) réigiúin trasdula, ag a bhfuil OTI *per capita* idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI an Aontais;

    iii) réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 100 % de mheán-OTI an Aontais.

*Tacaíocht faoin gComhbheartas Talmhaíochta*

58. Leanfaidh buiséad an Aontais de thacaíocht ioncaim a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus don fheirmeoireacht inbhuanaithe agus do tháirgeadh bia mar chuid den Chomhbheartas Talmhaíochta, lena mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach sna Conarthaí, lena n-áirítear trí chaighdeán cóir maireachtála a sholáthar don phobal talmhaíochta.

59. Chun stádas feiceálach an Chomhbheartais Talmhaíochta a choinneáil d'earnáil talmhaíochta na hEorpa, leagfar amach i Rialachán CBT forálacha áirithe a bhaineann go sonrach leis an gComhbheartas Talmhaíochta. Áiritheofar le Rialachán CBT go mbeidh Comhbheartas Talmhaíochta láidir comhtháite ann faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

60. Ní bheidh an mheánchabhair atá beartaithe in aghaidh an heicteáir le haghaidh tacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe ó idirghabhálacha an Chomhbheartais Talmhaíochta, ní bheidh sí, i bpraghsanna reatha, níos lú ná EUR 90 ná níos mó ná EUR 240 le haghaidh gach Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit ag a bhfuil meánmhéid feirmeacha faoi bhun trí heicteár meánchabhair os cionn EUR 240 a sholáthar in aghaidh an heicteáir.

61. Féadfar scála céimlaghdaitheach maidir le tacaíocht ioncaim bhliantúil limistéar-bhunaithe iomlán a thabhairt isteach i gcomhréir leis an méid seo:

    i) maidir leis an sciar de thacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe idir EUR 100 000 agus 125 000, déanfar laghdú 15 % ar an méid bliantúil;

    ii) maidir leis an sciar de thacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe idir EUR 125 000 agus 150 000, déanfar laghdú 25 % ar an méid bliantúil;

    iii) maidir leis an sciar de thacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe os cionn EUR 150 000, déanfar laghdú 50 % ar an méid bliantúil.

    Féadfaidh na Ballstáit pointí breise a thabhairt isteach ar scála céimlaghdaitheach faoi bhun EUR 100 000.

62. Tabharfar isteach uasteorannú maidir le tacaíocht ioncaim bhliantúil limistéar-bhunaithe iomlán do thairbhithe móra ar leibhéal EUR 300 000.

63. Sula gcuirfidh na Ballstáit uasteorannú agus céimlaghdaitheacht i bhfeidhm, féadfaidh siad tacaíocht ioncaim limistéar-bhunaithe níos airde d'fheirmeoirí óga ('breisiú d'fheirmeoirí óga') a eisiamh.

64. Beidh an méid a ghinfear as céimlaghdaitheacht agus uasteorannú i mBallstát fós mar chuid den mhéid a bheidh ar fáil d'íosmhéid an Bhallstáit sin le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT, cé is moite de thacaíocht d'idirghabhálacha earnála, a bhféadfaidh ráta cómhaoinithe 100 % an Aontais leanúint d'fheidhm a bheith aige ina leith.

*Coinníollacha cothrománacha*

65. Tabharfar isteach coinníollacha cothrománacha chun a áirithiú go n-urramófar an smacht reachta agus go gcomhlíonfar an Chairt um Chearta Bunúsacha, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát. Déanfaidh na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur ar bun agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bearta a gheobhaidh tacaíocht óna bPleananna forálacha ábhartha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go n-urramófar prionsabail an smachta reachta le linn chur chun feidhme an Chiste. Beidh an Chomhairle rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i gcur chun feidhme coinníollacha cothrománacha.

*Modheolaíocht maidir le leithdháileadh do na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí*

66. Cinnfear an leithdháileadh airgeadais do na Ballstáit faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí trí úsáid a bhaint as eochair ghinearálta agus eochair gnóthaí baile, lena gcuirfear an ranníocaíocht ó leithdháileadh an Chiste Aeráide Shóisialta don tréimhse ábhartha má chomhtháthaíonn na Ballstáit a bPlean Aeráide Sóisialta lena bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Féadfaidh na Ballstáit, tráth tíolactha a bplean tosaigh, nó in éineacht le haon iarraidh ar leasú, a iarraidh ar bhonn deonach go n-ath-leithdháilfear suas le 10 % den mhéid a eascraíonn as an eochair gnóthaí baile do bhearta faoin eochair leithdháilte ghinearálta cé is moite de bhearta a chumhdaítear leis na híosmhéideanna le haghaidh thacaíocht ioncaim CBT agus idirghabhálacha CBI. Beidh réasúnú bunaithe ar chritéir oibiachtúla ag gabháil leis an iarraidh sin.

*Eochair leithdháilte ghinearálta*

67. Is mar seo a chinnfear an eochair ghinearálta i ngach Ballstát.

i) Meánsciar an Bhallstáit de dhaonra iomlán an Aontais (2024) agus sciar an Bhallstáit de dhaonra iomlán an Aontais atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gceantair thuaithe (2024).

ii) Cuirfear an meán arna iolrú faoi luach cearnaithe an OIN choibhneasta inbhéartaigh *per capita* i ngach Ballstát i gcomparáid le meán an Aontais, arna thomhas in CCC (2023), tar éis na coigeartuithe seo a ionchorprú.

a) Ríomhtar Bearna Rathúnais Réigiúnaigh le haghaidh réigiúin uile leibhéal NUTS 3 ag a bhfuil OTI *per capita*, arna thomhas de réir CCC (2021-2023), atá faoi bhun 75 % de mheán an Aontais. Déanfar an difríocht idir OTI *per capita* coibhneasta an réigiúin agus meán 75 % an Aontais a iolrú faoi dhaonra an réigiúin (2022) agus a roinnt ar dhaonra iomlán an Bhallstáit (2022).

b) Ríomhtar Bearna Rathúnais Talmhaíochta tríd an mbearna idir íocaíochtaí díreacha, ar leibhéal 2027, in aghaidh an heicteáir a d'fhéadfadh a bheith incháilithe (2022) agus 90 % de mheán an Aontais i gcás gach Ballstáit a chur san áireamh. Déanfar é sin a iolrú faoi na heicteáir a d'fhéadfadh a bheith incháilithe sa Bhallstát (2022) agus sloinnfear é i ndáil leis na híocaíochtaí díreacha, ar leibhéal 2027, don Bhallstát.

Déanfar an eochair ghinearálta mar a chinntear thuas í a normalú go 100 %. Cuirfear uasteorainn agus líontán sábhála arna normalú go 100 % i bhfeidhm go hatriallach go dtí nach mbeidh sciar leithdháilte aon Bhallstáit níos ísle ná 80 % nó níos airde ná 105 % dá sciar leithdháilte de chistí ábhartha réamh-leithdháilte faoi bhainistíocht chomhroinnte don tréimhse 2021-2027.

*Forálacha do leithdháileadh breise*

68. Cuirfear EUR 5 203 mhilliún breise ar fáil do na Ballstáit a bhaineann tairbhe as an gCiste Comhtháthaithe faoi CAI 2021-2027, a bheidh le dáileadh i gcomhréir lena ndearbhfhad idir leithdháiltí 2028-2034 arna ríomh faoin eochair ghinearálta agus 94 % dá leithdháiltí in 2021-2027, agus uasteorainn EUR 1 500 milliún leagtha síos in aghaidh an Bhallstáit. Tiomnófar an méid breise sin do bhearta maoiniúcháin lasmuigh de na bearta a chumhdaítear leis na híosmhéideanna le haghaidh thacaíocht ioncaim CBT agus idirghabhálacha CBI.

69. Cuirfear EUR 1 771 mhilliún breise ar fáil do na Ballstáit le haghaidh idirghabhálacha an Chomhbheartais Iascaigh.

70. Leanfar de chistiú a chur ar fáil le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaithint in Airteagal 349 CFAE agus na réigiúin thuaisceartacha is tearc daonra a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994. Chuige sin, déanfar leithdháileadh speisialta breise a fhreagraíonn do dhéine cúnaimh de EUR 40 in aghaidh an áititheora in aghaidh na bliana a leithdháileadh ar na Ballstáit ina bhfuil réigiúin leibhéal NUTS 2 is forimeallaí agus réigiúin leibhéal NUTS 2 thuaisceartacha is tearc daonra. Déanfar an leithdháileadh sin a dháileadh ar na Ballstáit ar bhealach a bheidh comhréireach le daonra iomlán na réigiún sin.

*Eochair gnóthaí baile*

71. Is mar seo a leanas a chinnfear an eochair gnóthaí baile:

i) 45 % le haghaidh bainistiú teorainneacha, le 90 % de sciar an Bhallstáit de theorainneacha farraige iomlána an Aontais agus de theorainneacha seachtracha talún an Aontais le tíortha comharsanachta ar mhór-roinn na hEorpa seachas tíortha an Aontais, tíortha Schengen agus tíortha CSTE, agus 10 % de sciar an Bhallstáit de víosaí aonfhoirmeacha iomlána an Aontais a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh gearrfhanachtaí (2024). Beidh fachtóir 1,25 ag na Ballstáit a bhfuil teorainn dhíreach sheachtrach acu leis an Rúis nó leis an mBealarúis maidir leis na teorainneacha sonracha sin faoi na teorainneacha seachtracha.

ii) 35 % le haghaidh imirce, lánpháirtíochta agus tearmainn, bunaithe ar mheánsciar na nithe seo a leanas:

– sciar an Bhallstáit d'iomlán na n-iarratasóirí ar thearmann san Aontas Eorpach (2022-2024);

– sciar an Bhallstáit de líon iomlán na gcinntí dearfacha céadchéime maidir le hiarratais ar thearmann san Aontas (2022-2024);

– sciar an Bhallstáit de líon iomlán na dtairbhithe de chosaint shealadach san Aontas ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad (2022-2024); agus

– sciar an Bhallstáit de líon iomlán na náisiúnach tríú tír a filleadh tar éis ordú imeachta (2022-2024).

iii) 20 % don tslándáil inmheánach, agus normalú á dhéanamh ar 40 % de sciar an Bhallstáit de dhaonra an Aontais (2024), 45 % de OIN *per capita* inbhéartaithe an Bhallstáit arna thomhas de réir CCC (2023) i gcomparáid le meán an Aontais, agus 15 % de sciar an Bhallstáit d'achar dromchla an Aontais.

72. Déanfar méid suas le EUR 400 milliún don Scéim Idirthurais Speisialta a leithdháileadh faoi Phlean na Liotuáine um bainistiú comhtháite teorainneacha agus don chomhbheartas maidir le víosaí.

*Íosmhéid do réigiúin bheagfhorbartha laistigh de na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí*

73. Leithdháilfidh na Ballstáit íosmhéid ar réigiúin bheagfhorbartha, a chinnfear tríd an daonra atá ina gcónaí i réigiúin bheagfhorbartha (2021-2023) mar sciar de dhaonra iomlán an Bhallstáit (2021-2023) a iolrú faoin imchlúdach réamh-leithdháilte do na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, cé is moite de na híosmhéideanna le haghaidh thacaíocht ioncaim CBT agus idirghabhálacha CBI.

    Cuirfear fachtóir 1,16 i bhfeidhm má tá OIN *per capita* Ballstáit, arna thomhas de réir CCC (2021-2023), faoi bhun 75 % de mheán an Aontais.

    Cuirfear uasteorainn agus líontán sábhála i bhfeidhm le haghaidh na réigiún beagfhorbartha i gcás na mBallstát uile, agus ní bheidh an méid a leithdháilfear ar réigiúin bheagfhorbartha níos ísle ná 90 % ná níos airde ná 112,5 % de na leithdháiltí is déanaí a glacadh ó 2021-2027 (Meitheamh 2025) le haghaidh na réigiún beagfhorbartha.

*Íosmhéideanna le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT agus idirghabhálacha CBI sna Pleananna*

74. Beidh na híosmhéideanna le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT in aghaidh an Bhallstáit bunaithe ar na leithdháiltí don Chomhbheartas Talmhaíochta in 2027. Beidh na híosmhéideanna le haghaidh idirghabhálacha CBI bunaithe ar na leithdháiltí faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe don tréimhse 2021-2027.

*Modheolaíocht leithdháilte le haghaidh Interreg*

75. Maidir le Interreg, cinnfear an leithdháileadh ar na Ballstáit mar a leanas:

    i) 45,8 % bunaithe ar dhaonra iomlán na réigiún teorann uile ar leibhéal NUTS 3 agus na réigiún eile ar leibhéal NUTS 3 a bhfuil ar a laghad leath den daonra réigiúnach ina gcónaí laistigh de 25 chiliméadar ó na teorainneacha (2021);

    ii) 30,5 % bunaithe ar an daonra atá ina gcónaí laistigh de 25 chiliméadar ó na teorainneacha (2021);

    iii) 20 % bunaithe ar an daonra iomlán (2022-2024);

    iv) 3,7 % bunaithe ar dhaonra na réigiún is forimeallaí (2022-2024).

76. An sciar den chomhar trasteorann, freagraíonn sé do shuim ualaithe chritéir (i) agus (ii). An sciar den chomhar trasnáisiúnta, freagraíonn sé d'ualú chritéar (iii). An sciar de chomhar na réigiún is forimeallaí a fhreagraíonn d'ualú chritéar (iv).

Réamh-mhaoiniú agus cómhaoiniú

77. Íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú bunaithe ar an tacaíocht a leithdháilfear ar na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí. Íocfar an réamh-mhaoiniú mar a leanas.

i) 2028: 4 %. Mura nglacfaidh an Chomhairle cinntí cur chun feidhme faoin 30 Samhain 2028, cuirfear an réamh-mhaoiniú sin leis an méid le haghaidh 2029 agus 2030.

ii) 2029: 3 %.

iii) 2030: 3 %.

I gcás na réigiún is forimeallaí agus Interreg, is mar seo a leanas a íocfar an réamh-mhaoiniú:

i) 2028: 4 %,

ii) 2029: 4 %,

iii) 2030: 4 %,

nó go hiomlán sa bhliain ina bhformheastar an chaibidil den Phlean um Interreg.

78. Ní bheidh ráta cómhaoinithe an Aontais le haghaidh na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí níos airde ná:

i) 85 % le haghaidh na réigiún beagfhorbartha agus na réigiún is forimeallaí,

ii) 60 % le haghaidh réigiúin trasdula,

iii) 40 % le haghaidh na réigiún níos forbartha.

I gcás nach féidir cion an chur chun feidhme i gcatagóir réigiúin ar leith a chinneadh, déanfar ráta cómhaoinithe an Aontais a ríomh trí úsáid a bhaint as meán daonra-ualaithe rátaí ranníocaíochta infheidhme an réigiúin.

I gcás Ballstáit atá comhdhéanta de réigiún aonair a bhfuil a chatagóir athraithe i gcomparáid le CAI 2021-2027 ó réigiún trasdula chuig réigiúin níos forbartha, féadfaidh na Ballstáit sin rogha a dhéanamh ráta cómhaoinithe 60 % ón Aontas a chur i bhfeidhm.

79. Ní bheidh ráta cómhaoinithe an Aontais le haghaidh Interreg níos airde ná 80 %. I gcás na réigiún is forimeallaí agus comhar trasteorann ag teorainneacha seachtracha, ní bheidh an ráta cómhaoinithe níos airde ná 85 %.

80. Maidir le hidirghabhálacha a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta, ní bheidh ráta cómhaoinithe an Aontais níos airde ná an méideanna seo a leanas.

i) 100 % le haghaidh na mbeart seo a leanas: tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe chéimlaghdaitheach, tacaíocht ioncaim chúpláilte, íocaíocht bharrshonrach do chadás agus tacaíocht d'fheirmeoirí beaga. Ní féidir na hidirghabhálacha sin a mhaoiniú ach amháin ón íosmhéid le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT nó den mhéid atá suas le dhá thrian den mhéid atá ar fáil don athbhreithniú meántéarma nuair a úsáidtear é chun idirghabhálacha CBT a mhaoiniú.

ii) 100 % le haghaidh socruithe sonracha soláthair agus bearta chun cabhrú le táirgí talmhaíochta áitiúla sna réigiúin is forimeallaí, a bheidh le maoiniú ag an mBallstát lena mbaineann as a leithdháileadh airgeadais de thoradh na heochrach ginearálta.

iii) 85 % le haghaidh idirghabhálacha eile sna réigiúin is forimeallaí.

iv) 70 % le haghaidh bearta eile don talmhaíocht arna maoiniú laistigh den íosmhéid d'idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT.

v) 70 % le haghaidh idirghabhálacha scéim scoile an Aontais.

vi) 70 % le haghaidh earnálacha faoi Chomheagrú na Margaí.

Maidir le hidirghabhálacha CBT a bhaineann le LEADER, tacaíocht do chomhroinnt eolais, comhar críochach agus áitiúil, íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí agus idirghabhálacha sna hoileáin bheaga Aeigéacha, chomh maith le maoiniú ó lasmuigh den tacaíocht íosta le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim, féadfaidh na Ballstáit rátaí cómhaoinithe CBT nó rátaí caighdeánacha cómhaoinithe an Aontais a chur i bhfeidhm.

81. Maidir le hidirghabhálacha an Chomhbheartais Talmhaíochta, is é seo a leanas an t-uasráta tacaíochta a bheidh ann:

i) 75 % le haghaidh infheistíochtaí d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise, cé is moite d'infheistíochtaí atá dírithe ar fheirmeoirí óga lena mbainfidh uasráta 85 %, agus d'infheistíochtaí glasa neamhtháirgiúla lena mbainfidh uasráta 100 %;

ii) 75 % le haghaidh idirghabhálacha earnála, an fhéidearthacht ann go méadódh na Ballstáit é go dtí:

– suas le 95 % le haghaidh idirghabhálacha a bhaineann le hathnuachan ó ghlúin go glúin, le taighde agus nuálaíocht, le bainistiú riosca nó leis an gcomhshaol agus an aeráid, agus le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme den chéad uair;

– 100 % le haghaidh idirghabhálacha chun táirgeoirí a chúiteamh as caillteanas ioncaim nó le haghaidh idirghabhálacha a bhaineann le haistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce nach mó ná 5 % de mhéid na táirgeachta arna margú ag eagraíocht táirgeoirí;

iii) 70 % le haghaidh uirlisí bainistithe riosca.

82. Maidir le hidirghabhálacha faoin gComhbheartas Iascach, beidh an t-uasráta tacaíochta suas le 100 % agus d'fhéadfadh rátaí difreáilte a bheith ann le haghaidh catagóirí sonracha idirghabhála.

83. Maidir le hidirghabhálacha faoin gComhbheartas Iascaigh, is é 100 % a bheidh sa chómhaoiniú ón Aontas le haghaidh an chúitimh i leith costais bhreise sna réigiúin is forimeallaí.

84. Maidir le hidirghabhálacha i réimse na ngnóthaí baile a bhaineann le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil, aistriú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, costais oibriúcháin atá le cumhdach le hioncam ETIAS agus costais a bhaineann leis an scéim idirthurais speisialta, chomh maith le ranníocaíochtaí airgeadais ón gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil, is é 100 % a bheidh sa chómhaoiniú ón Aontas. Maidir le hidirghabhálacha eile i réimse na ngnóthaí baile, ní bheidh an bhonnlíne le haghaidh cómhaoiniú ón Aontas níos airde ná 75 %.

*Rialacha maidir le saoradh*

85. Cé is moite de roinnt idirghabhálacha faoin gComhbheartas Talmhaíochta, saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch aon chuid de ghealltanas buiséadach do Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus do chaibidil Phlean Interreg nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht isteach ina leith faoin 31 Nollaig den dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh.

86. Féadfaidh an t-údarás buiséadach aon saoradh mar thoradh ar neamhchomhlíonadh coinníollacha cothrománacha na Cairte agus an Smachta Reachta ar feadh bliana a chur ar fáil arís lena úsáid faoi ionstraimí nó cláir eile de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe dóibh siúd atá ag tacú le daonlathas na hEorpa, leis an tsochaí shibhialta, le luachanna an Aontais nó leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.

**Tacaíocht do phobal Turcach na Cipire**

87. Cuirfear maoiniú ar fáil leis an gCeannteideal seo freisin chun tacú le pobal Turcach na Cipire. EUR 389 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach a leithdháilfear ar an gclár.

**Tacaíocht don Chlár PEACE PLUS**

88. Déanfar EUR 150 milliún san iomlán a leithdháileadh ar an gclár PEACE PLUS ar mhaithe leis an tsíocháin agus an t-athmhuintearas agus chun leanúint den chomhar trasteorann Thuaidh-Theas.

**NextGenerationEU a aisíoc**

89. Déanfar an aisíocaíocht na gcistí a fhaightear ar iasacht ar na margaí caipitil chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 (NGEU), lena gcuimsítear íocaíocht na príomhshuime, íocaíochtaí úis chomh maith le costais ghaolmhara, a mhaoiniú faoin gCeannteideal seo. Cuirfear tús leis an aisíocaíocht in 2028 chun laghdú seasta intuartha ar dhliteanais a áirithiú go dtí an 31 Nollaig 2058.
Is é EUR 140 411 mhilliún a bheidh sa mhéid iomlán le haghaidh 2028-2034, a úsáidfear go heisiach chun aisíocaíochtaí, íocaíochtaí úis agus costais ghaolmhara a chumhdach. Le róchaiteachas nó coigilteas ar íocaíochtaí úis agus costais ghaolmhara, laghdófar nó méadófar an méid le haghaidh íocaíocht na príomhshuime, faoi seach, lena n-áiritheofar méid bliantúil seasta le haghaidh mhaoiniú NGEU.

**An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta**

90. D’fhonn tacú leis an bhfreagracht chomhroinnte maidir leis na teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas Eorpach á cosaint ag an am céanna, déanfar na gníomhaíochtaí faoi ghnóthaí baile a chomhlánú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) atreisithe le leithdháileadh EUR 6 991 mhilliún.

## III. CEANNTEIDEAL 2 – IOMAÍOCHAS, RATHÚNAS AGUS SLÁNDÁIL

91. Comhfhreagraíonn an t-iomaíochas, an rathúnas agus an tslándáil do thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena mbaineann breisluach suntasach do na Ballstáit uile ar fud an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na tionscnaimh faoin gCeannteideal seo rannchuidiú le hiomaíochas na hEorpa a neartú i dteicneolaíochtaí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí dé-úsáide, agus in earnálacha straitéiseacha agus tacú le taighde comhoibríoch go huas-scálú na nuálaíochta, na tionsclaíochta agus imscaradh agus monarú bonneagair, chun tacú le tionscadail agus cuideachtaí lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), chomh maith le plódú isteach infheistíochtaí príobháideacha, institiúideacha agus náisiúnta. Ina theannta sin, rannchuideofar leis an gCeannteideal le cosaint shibhialta agus le hullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandálaí sláinte, le tacú le scileanna, oideachas, dlúthpháirtíocht, cultúr, na meáin, daonlathas agus luachanna Eorpacha agus iad a mhaoiniú, chomh maith le tacú le feidhmiú an Mhargaidh Aonair.

92. Ní rachaidh leibhéal na ngealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 437 683 mhilliún:

| CEANNTEIDEAL 2 – IOMAÍOCHAS, RATHÚNAS AGUS SLÁNDÁIL<br><br>(milliúin euro, praghsanna 2025) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 |
| X | X | X | X | X | X | X |

**An Ciste Eorpach um Iomaíochas**

93. Bunófar Ciste Eorpach um Iomaíochas chun iomaíochas na hEorpa ina iomláine a neartú, go háirithe in earnálacha agus i dteicneolaíochtaí straitéiseacha feadh an turais infheistíochta bunaithe ar nósanna imeachta dámhachtana atá oscailte, iomaíoch agus cothrom. Agus tiomantas don bharr feabhais ina chroílár, áiritheoidh CEI comhdheiseanna chun rochtain a fháil ar chistiú, feabhas a chur ar fhorbairt gnó, agus comhar agus fothú acmhainneachta a neartú chun leas a bhaint as an acmhainneacht nuálaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh. Tabharfar aird ar leith ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga sna Ballstáit.

94. Sa staid gheopholaitiúil ina bhfuilimid anois, tabharfar aird ar leith sa CEI ar thionscnaimh straitéiseacha agus ar thionscadail a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo, mar shampla GOVSATCOM, IRIS$^2$, Galileo, Copernicus agus Seirbhísí Rialtais um Fhaire na Cruinne, chomh maith le hinfheistíochtaí breise a dhéanamh san intleacht shaorga, i dteicneolaíochtaí candamacha agus i dteicneolaíochtaí criticiúla eile agus i dteicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn. Ba cheart go rannchuideodh siad sin le ceannaireacht theicneolaíoch, acmhainneacht thionsclaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh a neartú, agus tacóidh siad le teicneolaíochtaí agus nuálaíocht cheannródaíoch a fhorbairt agus a chur in úsáid, ionas go leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith iomaíoch agus athléimneach.

95. Is é EUR 160 963 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme CEI don tréimhse 2028-2034. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais go táscach mar seo a leanas:

i) EUR 7 567 milliún ar chuspóirí ginearálta

ii) EUR 20 184 mhilliún don aistriú glan agus don dícharbónú tionsclaíoch

iii) EUR 15 703 mhilliún don tsláinte, don bhith-theicneolaíocht, don talmhaíocht agus don bhithgheilleagar

iv) EUR 39 654 mhilliún do cheannaireacht dhigiteach

v) EUR 77 855 mhilliún don athléimneacht agus don tslándáil, don tionscal cosanta agus don spás.

96. I dteannta a chéile, le CEI, Fís Eorpach agus an Ciste don Nuálaíocht, ar pacáiste dar luach os cionn EUR 380 000 milliún i bpraghsanna reatha iad, cuirfear tacaíocht chomhleanúnach ar fáil d'iomaíochas an Aontais Eorpaigh, ar feadh an aistir infheistíochta. Féadfaidh CEI tacú le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, ar choinníoll go mbeidh cómhaoiniú náisiúnta agus tionscadail leantacha bunaithe ar thorthaí ó na dTionscadal Tábhachtach sin, ag brath ar infheistíochtaí príobháideacha suntasacha.

97. Feidhmeoidh Ionstraim InvestEU de chuid CEI mar uirlis seachadta chothrománach le haghaidh beartais inmheánacha an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamaí trí ráthaíochtaí buiséadacha agus ionstraimí airgeadais. Cuirfidh comhpháirtithe Ionstraim InvestEU de chuid CEI chun feidhme i struchtúr oscailte, agus leas á bhaint as saineolas na gcomhpháirtithe cur chun feidhme uile, lena n-áirítear Bainc Náisiúnta le haghaidh Spreagtha, agus ról speisialta Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (grúpa BEI) á aithint ag an am céanna, ar struchtúr é ina ndeonófar 50 % ar a laghad d'íosráthaíocht an Aontais faoi urrann an Aontais do Ghrúpa BEI agus ina ndeonófar 25 % ar a laghad do chomhpháirtithe eile cur chun feidhme. Le hionstraim InvestEU de chuid CEI, féadfar tacaíocht a sholáthar faoi chláir eile de chuid an Aontais i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna cláir sin. EUR 75 000 milliún (i bpraghsanna reatha) a bheidh in uasmhéid na ráthaíochta buiséadaí faoi urrann AE Ionstraim InvestEU CEI.

98. EUR 14 790 milliún (i bpraghsanna reatha) a bheidh in íosmhéid na tacaíochta ón Aontas ó CEI a chuirfear ar fáil trí Ionstraim InvestEU CEI. Na ranníocaíochtaí ó na hionuithe beartais a úsáidfear chun méadú a dhéanamh ar íosmhéid na tacaíochta ón Aontas trí CEI a chuirtear ar fáil trí Ionstraim InvestEU CEI, beidh siad cothrom le 5 % ar a laghad dá leithdháiltí comhcheangailte.

99. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar faoi Ionstraim InvestEU CEI, úsáidfear ioncaim, aisíocaíochtaí agus aisghabhálacha ó ionstraimí airgeadais a chistítear le CEI agus réamhtheachtaithe InvestEU CEI agus barrachais arna n-eascairt as ráthaíochtaí buiséadacha arna mbunú i mbeartais inmheánacha go dtí deireadh 2027.

100. Tá sé bunriachtanach go gcuirfidh cistiú Eorpach le glacadh teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbraítear san Aontas Eorpach. I ndáil leis sin, féadfar coinníollacha incháilitheachta a leagan amach sna nósanna imeachta dámhachtana chun iomaíochas an Aontais Eorpaigh a áirithiú, lena n-áirítear leasanna eacnamaíocha agus uathriail an Aontais Eorpaigh a chosaint i gcás inar gá agus inarb iomchuí trí choinníollacha fabhracha ar nós srianta nó dreasachtaí d'eintitis an Aontais, agus saobhadh an Mhargaidh Aonair á theorannú ag an am céanna.

Beidh chomhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa in ann a bheith rannpháirteacht i dtacaíocht CEI don bheartas maidir leis an tionscal cosanta, ar comhaltaí iad sin den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, den Úcráin, den Ríocht Aontaithe agus de Cheanada. Ina theannta sin, na tríú tíortha lena ndéanann an tAontas Eorpach Comhpháirtíocht Slándála agus Cosanta a áiríonn an rannpháirtíocht i dtacaíocht CEI don bheartas maidir leis an tionscal cosanta, féadfaidh na tríú tíortha sin páirt a ghlacadh freisin sa bheartas faoi choinníollacha sonracha, lena n-áirítear cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus tairbhí, agus ar choinníoll nach sáróidh na tíortha sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, a leagtar amach i gcomhaontú ar leithligh i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoi Airteagal 218 CFAE.

101. Áireofar le CEI, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, an fhéidearthacht tacaíocht luathaithe a thabhairt do thionscadail a bhfuil leas poiblí ríthábhachtach nó íogaireacht ama chriticiúil ag baint leo, ar tionscadail iad nach bhféadfaí a chur chun feidhme go héifeachtach faoi na gnáthrialacha murach sin agus a thairbheoidh de bhreisithe, eisceachtaí agus maoluithe áirithe ar an dlí is infheidhme le linn an nós imeachta dámhachtana nó le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht.

102. Beidh CEI ina thaca le Bonn láidir Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí chun a áirithiú go mbeidh an tAontas Eorpach in ann dúshláin slándála atá ag teacht chun cinn a fhreagairt, lena n-áirítear trí thacú le bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine.

*Fís Eorpach*

103. Beidh Fís Eorpach nasctha go dlúth le CEI trí thaighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár straitéis eacnamaíoch agus infheistíochta an Aontais Eorpaigh. Beidh an tacaíocht a thabharfar le haghaidh taighde, forbairt agus nuálaíocht ar fud cholúin uile Fís Eorpach bunaithe ar bharr feabhais. Ag an am céanna, ní mór leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an mbearna rannpháirtíochta agus ar an deighilt nuálaíochta. Chuige sin, le Fís Eorpach, a bheidh á threorú ag prionsabal an bharr feabhais, cuirfear feabhas ar an acmhainneacht taighde agus nuálaíochta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus i dtíortha idirthurais trí cholún IV (an Limistéar Eorpach Taighde).

104. Ó 2030 ar aghaidh, beidh bearta fothaithe acmhainneachta teoranta do na tíortha sin a thagann faoin bhfairsingiú agus do na tíortha idirthurais a mhéadaigh a gcaiteachas ainmniúil ar infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt lena n-áirítear infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt i réimse na slándála agus na cosanta sa bhliain is déanaí atá ar eolas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

105. Beidh rochtain ag tíortha idirthurais freisin ar bhearta fothaithe acmhainneachta i gcolún IV, a mbeidh módúlachtaí difreáilte acu i gcomparáid le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú, mar shampla rátaí cistiúcháin níos ísle ón Aontas.

106. EUR 140 000 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach d'Fhís Eorpach don tréimhse 2028-2034, lena n-áirítear:

    i) EUR 35 263 mhilliún le haghaidh Eolaíocht den Scoth;

    ii) EUR 60 700 milliún don Iomaíochas agus don tSochaí;

    iii) EUR 31 028 milliún don Nuálaíocht;

    iv) EUR 13 009 milliún don Limistéar Eorpach Taighde, a bhfuil 4 310 milliún de beartaithe chun rannpháirtíocht a leathnú.

**An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa**

107. Is é is aidhm don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa dlús a chur leis an infheistíocht i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus fuinnimh, lena n-áirítear infheistíocht le haghaidh soghluaisteacht mhíleata, trí chistiú a ghiaráil ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon agus trí chomhar trasteorann a éascú i réimse an fhuinnimh, go háirithe foinsí in-athnuaite fuinnimh. Díreofar infheistíochtaí sa tsoghluaisteacht mhíleata ar na ceithre chonair soghluaisteachta míleata tosaíochta de chuid an Aontais, lena n-áirítear feadh chonairí soghluaisteachta míleata an Aontais a bhfuil tábhacht ag baint leo i réigiúin na dteorainneacha seachtracha thoir agus i réigiún na Mara Duibhe.

108. Is é EUR 61 859 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na Saoráide um Chónascadh na hEorpa don tréimhse 2028-2034, lena n-áirítear:

    i) EUR 40 610 milliún le haghaidh iompair agus soghluaisteacht mhíleata a bhfuil EUR 13 961 mhilliún de le haghaidh soghluaisteacht mhíleata;

    ii) EUR 21 249 milliún le haghaidh fuinnimh.

109. Ba cheart an cómhaoiniú uasta ón Aontas a bheith mar a leanas:

    i) 50 % le haghaidh staidéir a bhfuil gá leo chun cur chun feidhme an tionscadail a ullmhú;

    ii) 50 % le haghaidh oibreacha a bhaineann leis an earnáil iompair, a mhéadófar go 75 % i gcás Ballstáit ag a bhfuil OIN per capita atá níos lú ná 90 % de mheán an Aontais;

    iii) 50 % le haghaidh oibreacha a bhaineann leis an earnáil fuinnimh;

    iv) 75 % le haghaidh gníomhaíochtaí in earnáil an fhuinnimh a rannchuidíonn le tionscadail leasa choitinn a fhorbairt, lena n-áirítear na tionscadail sin arb é is aidhm leo deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh agus scrogaill idirnaisc a dhíothú, éifeachtúlacht fuinnimh agus cosaint agus athléimneacht an bhonneagair fuinnimh a chur chun cinn, agus slándáil an tsoláthair a áirithiú, lena n-áirítear trí stóráil;

    v) 60 % le haghaidh oibreacha sna hearnálacha iompair agus fuinnimh a dhéantar sna réigiúin is forimeallaí.

**Cosaint shibhialta agus ullmhacht agus freagairt i ndáil le héigeandálaí sláinte**

110. Le Sásra nua an Aontais um Chosaint Shibhialta agus le tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, cuirfear tacaíocht ar fáil chun gach cineál tubaiste nádúrtha agus gach cineál tubaiste de dheasca an duine a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun freagairt orthu, lena n-áirítear bagairtí trasteorann ar an tsláinte, a d'fhéadfadh tarlú laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach.
EUR 6 148 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach a leithdháilfear ar an gclár.

**Oideachas, cultúr, daonlathas agus luachanna Eorpacha**

111. Tacóidh Erasmus+ le hoideachas agus le hoiliúint ar ardchaighdeán agus cuirfidh sé deiseanna foghlama agus soghluaisteachta ar fáil do dhaoine óga, do phrintísigh, do mhic léinn agus do mhúinteoirí. Tacóidh Erasmus+ freisin le rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus i gcomhar i réimse an spóirt.
EUR 34 713 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach a leithdháilfear ar an gclár agus beidh leithdháiltí táscacha ann don oideachas agus oiliúint don óige agus don spórt faoi seach.

112. Tabharfaidh AgoraEU le chéile tacaíocht don daonlathas, don chultúr, do na meáin agus don tsochaí shibhialta. EUR 5 324 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach a leithdháilfear ar an gclár, ina mbeidh leithdháiltí táscacha ann don chultúr, do na meáin, agus don daonlathas, do shaoránaigh, don chomhionannas, do chearta agus do luachanna faoi seach.

**Taighde agus sábháilteacht núicléach Euratom**

113. Leis an gCeannteideal seo leanfar de thacaíocht a thabhairt do Chlár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le himchlúdach airgeadais táscach de EUR 7 786 mhilliún, as a rannchuideoidh EUR 4 941 mhilliún le tionscadal ITER.

114. Beidh imchlúdach airgeadais táscach de EUR 818 milliún ag an Ionstraim um Chomhar Sábháilteachta agus Díchoimisiúnú Saoráidí Núicléacha. Leanfar den tacaíocht do dhíchoimisiúnú an ghléasra cumhachta núicléiche sa Liotuáin, Ignalina, le himchlúdach airgeadais táscach de EUR 604 mhilliún agus le huasráta cómhaoinithe 86 % ón Aontas.

**Cláir eile**

115. Leis an gCeannteideal seo, cuirfear cistiú ar fáil freisin don chlár um cheartas le himchlúdach airgeadais táscach de EUR 496 mhilliún, do chlár Pericles V le himchlúdach airgeadais táscach de EUR 7 milliún agus do Chlár don Mhargadh Aonair agus do Chlár Custaim lena gcuimseofar feidhmiú an Mhargaidh Aonair, an Aontais Custaim, an Chánachais agus na Frithchalaoise le himchlúdach airgeadais táscach de EUR 4 431 mhilliún.

## IV. CEANNTEIDEAL 3 - AN EORAIP DHOMHANDA

116. Leis an gCeannteideal seo maoinítear gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh, go háirithe comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear comhar um fhorbairt, cabhair dhaonnúil agus cúnamh do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha atá ag ullmhú d'aontachas leis an Aontas Eorpach. Beidh maoiniú na gníomhaíochta seachtraí níos simplí, níos dírithe agus níos solúbtha, agus intuarthacht thacaíocht an Aontais á caomhnú ag an am céanna. Déanfaidh sé luachanna agus leasanna straitéiseacha an Aontais a chaomhnú agus a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe do gach taobh á gcur chun cinn aige ag an am céanna. Áiritheoidh sé cur chun feidhme cuí ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras, chomh maith le gné sheachtrach na himirce agus tacaíocht leanúnach bhuanseasmhach don Úcráin.

117. Ní rachaidh leibhéal na ngealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 150 138 milliún:

| CEANNTEIDEAL 3 – AN EORAIP DHOMHANDA<br><br>(milliúin euro, praghsanna 2025) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 |
| X | X | X | X | X | X | X |

**Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda**

118. Fónfaidh an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda do raon leathan beartas de chuid an Aontais, lena n-áirítear tacaíocht do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha agus iad ag ullmhú do bhallraíocht san Aontas Eorpach amach anseo, gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbeartas comharsanachta, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear comhar um fhorbairt, cabhair dhaonnúil, tacaíocht don Úcráin, agus gnéithe seachtracha de bheartais eile de chuid an Aontais. Leis an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, cuirfear ar chumas an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis na Ballstáit, freagairt go cuimsitheach ar an imirce neamhrialta agus ar an easáitiú éigeantais ar bhealach atá comhleanúnach leis an gcur chuige domhanda i leith na himirce agus atá comhlántach le gné inmheánach bheartas imirce an Aontais. Cothófar tacaíocht faoin Ionstraim trí réimse leathan uirlisí, lena n-áiritheofar sineirgí le CEI agus comhleanúnachas le cur chun feidhme na straitéise ‘Global Gateway’.

119. Cuirfear an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda chun feidhme go príomha trí ghníomhaíochtaí in-chlársceidealaithe geografacha, arna gcomhlánú i gcás inarb ábhartha le gníomhaíochtaí neamh-in-chlársceidealaithe. Is iad na gníomhaíochtaí in-chlársceidealta a bheidh in 70 % ar a laghad den chaiteachas faoin Ionstraim. Áireofar ar na gníomhaíochtaí neamh-inchlársceidealaithe gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cabhair Dhaonnúil, cúnamh macrairgeadais, gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar riachtanais ghéarchéime, síochána agus beartais eachtraigh, athléimneacht agus iomaíochas.

120. Beidh imchlúdach airgeadais táscach de EUR 142 183 mhilliún ag an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais go táscach mar seo a leanas:

i) EUR 30 927 milliún le haghaidh an mhéadaithe agus cholún na hEorpa

ii) EUR 30 754 mhilliún le haghaidh an Mheánoirthir, na hAfraice Thuaidh agus cholún na Murascaille

iii) EUR 43 360 milliún le haghaidh cholún na hAfraice Fo-Shaháraí

iv) EUR 12 213 mhilliún le haghaidh cholún na hÁise agus an Aigéin Chiúin

v) EUR 6 549 milliún le haghaidh cholún Chríocha Mheiriceá agus Mhuir Chairib

vi) EUR 8 446 mhilliún le haghaidh an cholúin Dhomhanda

vii) EUR 9 934 mhilliún le haghaidh cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Comhlíonfaidh 90 % ar a laghad de chaiteachas faoin Ionstraim na critéir maidir le Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht mharthanach spriocdhírithe do na tíortha is lú forbairt. Ba cheart caiteachas ar thacaíocht don Úcráin a eisiamh ón sprioc sin.

As imchlúdach airgeadais táscach iomlán na hIonstraime, ba cheart EUR 25 000 milliún (i bpraghsanna reatha) táscach a dhíriú ar an gcabhair dhaonnúil.

As imchlúdach airgeadais táscach iomlán na hIonstraime, ba cheart 10 % táscach a dhíriú ar ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le gné sheachtrach na himirce, lena n-áirítear bunchúiseanna na himirce.

121. Beidh ról lárnach ag an gComhairle i bpleanáil agus i gcur chun feidhme na hIonstraime, lena n-áirítear stiúradh straitéiseach agus polaitiúil *ex ante* a chur ar fáil, faireachán ar chúnamh a shlógadh do dhúshláin agus do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht.

122. Leis an Ionstraim, ba cheart soláthar tacaíochta suas le huasmhéid EUR 80 000 milliún (i bpraghsanna reatha) a chumasú i bhfoirm ráthaíochtaí buiséadacha, iasachtaí Euratom, iasachtaí i bhfoirm cúnamh macrairgeadais, agus iasachtaí beartasbhunaithe, go háirithe le haghaidh tíortha comhpháirtíochta a chuireann pleananna feidhmíochtbhunaithe chun feidhme. Cuirfear iasachtaí beartasbhunaithe ar fáil trí ghníomhartha cur chun feidhme. Leithdháilfear méid táscach EUR 15 270 milliún (i bpraghsanna reatha) ar BEI.

123. Déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí nár úsáideadh faoin Ionstraim seo a thabhairt anonn go huathoibríoch go dtí an chéad bhliain airgeadais eile.

124. Maidir le haon chuid de ghealltanas buiséadach le haghaidh gníomhaíochta nach mbeidh, faoin 31 Nollaig den chúigiú bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh, úsáidte don réamh-mhaoiniúcháin ná chun íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh nó nach mbeidh aon ráiteas deimhnithe caiteachais ná aon iarraidh ar íocaíocht tíolactha ina leith, déanfar í a shaoradh.

**Tacaíocht don Úcráin**

125. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil don Úcráin dá próiseas aontachais agus dá hatógáil san fhadtéarma. Le haghaidh na tréimhse 2028-2034, soláthróidh Cúlchiste don Úcráin tacaíocht suas le EUR 88 869 milliún sna foirmeacha seo a leanas:

    i) Ráthaíochtaí buiséadacha agus tacaíochta a sholáthar seachas i bhfoirm iasachtaí arna maoiniú ó Chúlchiste na hÚcráine de bhreis ar uasteorainneacha CAI, le huasteorainn bhliantúil EUR 13 500 milliún;

    ii) tacaíocht iasachta arna ráthú ag an lamháil.

    Féadfaidh an tAontas tacaíocht a thabhairt don Úcráin i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach suas le EUR 42 658 milliún. Leithdháilfear íosmhéid táscach EUR 12 000 milliún ar BEI.

126. Sa bhreis ar an tacaíocht nua sin a cuireadh ar fáil don Úcráin don tréimhse 2028-2034, féadfaidh an tAontas Eorpach fóirdheontas costais iasachtaíochta a chur ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI.

127. Féadfar tosaíocht a thabhairt do chistiú breise don Úcráin ón méadú agus ó cholún na hEorpa agus ón gcolún domhanda agus ón gcúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh tacaíocht i bhfoirm cabhair dhaonnúil agus gníomhaíochtaí eile arna spriocdhíriú go cuí, agus intuarthacht na tacaíochta do chomhpháirtithe eile á caomhnú ag an am céanna.

128. Leanfaidh an Chomhairle de bheith rannpháirteach go dlúth i rialachas na tacaíochta don Úcráin.

**Gníomhaíocht sheachtrach lasmuigh den Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda**

129. Leis an gCeannteideal seo maoineofar freisin leithdháiltí táscacha airgeadais EUR 2 864 mhilliún le haghaidh an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, EUR 1 069 milliún le haghaidh comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe agus le haghaidh eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh, agus EUR 887 milliún le haghaidh na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn.

**An tSaoráid Eorpach Síochána**

130. Leanfaidh an tSaoráid Eorpach Síochána de bheith ag feidhmiú mar ionstraim sheachbhuiséid chun gníomhaíochtaí i réimse na slándála agus na cosanta a mhaoiniú don tréimhse 2028-2034. EUR 27 104 mhilliún a bheidh san uasteorainn airgeadais le haghaidh na Saoráide agus maoineofar í trí ranníocaíochtaí ó na Ballstáit bunaithe ar scála ranníocaíochta OIN.

## V. CEANNTEIDEAL 4 - RIARACHÁN

131. Tá ról ríthábhachtach ag riarachán poiblí Eorpach ardoilte, a earcaítear ar an mbonn geografach is leithne is féidir, maidir le tacú leis an Aontas Eorpach chun beart a dhéanamh de réir briathair i dtaca lena thosaíochtaí agus chun beartais agus cláir a chur chun feidhme ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne. An tráth céanna, ba cheart ualaí riaracháin laghdaithe agus coigilteas comhfhreagrach a bheith mar thoradh ar iarrachtaí simpliúcháin ar fud na réimsí beartais, lena n-áirítear trí phacáistí omnibus agus trí struchtúr CAI a chuíchóiriú, chomh maith le teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Agus na héilimh athraitheacha ar an riarachán poiblí Eorpach á n-aithint i bhfianaise tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, tá sé ríthábhachtach i gcónaí feabhas leanúnach a chur ar sholúbthacht, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus éifeachtacht.

132. Na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo, dar luach EUR 96 407 milliún, arb é atá ann caiteachas riaracháin na n-institiúidí agus na scoileanna Eorpacha agus na bpinsean Eorpach, ní rachaidh siad thar:

| CEANNTEIDEAL 4 - RIARACHÁN<br><br>(milliúin euro, praghsanna 2025) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 |
| X | X | X | X | X | X | X |

133. Socrófar na huasteorainneacha don Cheannteideal seo ar bhealach a sheachnóidh corrlaigh iomarcacha agus, i bhfianaise athbheartú tosaíochtaí agus gnóthachain éifeachtúlachta nach mór a bhaint amach, chun soláthar foirne cobhsaithe ar an leibhéal reatha do gach institiúid, coigeartuithe tuarastail a bhfuiltear ag súil leo, dul chun cinn gairme agus costais phinsin, agus toimhdí ábhartha eile a léiriú. Déanfar an caiteachas ar phinsin a áirítear faoin uasteorainn do Cheannteideal 4 a ríomh cé is moite de ranníocaíochtaí foirne leis an scéim ábhartha.

134. Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an smachta bhuiséadaigh maidir le gach institiúid, chun go ndéanfaí faireachán agus bainistiú breise ar chaiteachas riaracháin. Iarrtar ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar a gcaiteachas riaracháin chun taca a chur faoi bhainistiú éileamh atá ag athrú. Rannchuideoidh siad go léir lena áirithiú go mbainfear amach gnóthachain éifeachtúlachta ar bhealach cothrom agus a méid faoi seach á cur san áireamh, lena n-áirítear trí acmhainní foirne a bharrfheabhsú trí dhíriú ar phríomhréimsí agus trí dheireadh a chur le cúraimí tosaíochta níos ísle. Trí chomhar idirinstitiúideach a dhoimhniú, tugtar deis feidhmiú éifeachtach an Aontais Eorpaigh a neartú agus barainneachtaí scála agus coigiltis a ghiniúint ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, oibreoidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún le chéile chun sineirgí a bhunú agus iarrtar orthu tionscnaimh a mholadh chun an comhar idirinstitiúideach a dhoimhniú, amhail i réimsí na dteicneolaíochtaí faisnéise, na cibearshlándála, an tsoláthair agus na bhfoirgneamh, chomh maith le tuilleadh comhair a fhiosrú i réimsí an aistriúcháin agus na hateangaireachta. Ina theannta sin, is deis chriticiúil é an t-athbhreithniú ar mórscála ar an gCoimisiún agus d'fhéadfadh sé a bheith ina threoirthionscadal a mbeadh ar na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí ar fad é a chur chun feidhme.

135. Ba cheart leanúint de chaiteachas tacaíochta cláir a nascadh leis an gcaiteachas oibríochtúil laistigh de na himchlúdaigh chláir nó den réimse beartais faoi seach, agus faireachán agus tuairisciú trédhearcach, leanúnach, rialta agus cuimsitheach ar fud na gCeannteideal uile á n-áirithiú ag an am céanna.

136. Ba cheart leanúint den ranníocaíocht ón Aontas le gníomhaireachtaí díláraithe agus le comhlachtaí eile a mhaoiniú ó na Ceannteidil bheartais a bhaineann lena gcuspóir. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún grinn-athbhreithniú a dhéanamh ar na cúraimí a chuirtear ar ghníomhaireachtaí díláraithe, go háirithe i gcás ina bhféadfadh forluí a bheith idir a gcuid sainorduithe agus, de réir mar is iomchuí, leasuithe a mholadh, d'fhonn a leagan amach a shimpliú agus a chuíchóiriú agus, i gcás inarb ábhartha, a mholadh go ndéanfaí iad a chumasc nó a dhúnadh.

## VI. IONCAM

137. Ba cheart cuspóirí foriomlána na simplíochta, na trédhearcachta agus an chothromais, lena n-áirítear comhroinnt dualgas chothrom, a bheith mar threoir do shocruithe na n-acmhainní dílse. Méid iomlán na n-acmhainní dílse a leithdháilfear ar bhuiséad an Aontais chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach, ní rachaidh sé thar 1,75 % de shuim OINanna na mBallstát uile. Méid iomlán na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair gealltanas, ní rachaidh sé thar 1,81 % de shuim OINanna na mBallstát uile. Déanfar cóimheas ordúil idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a choimeád.

138. Leantar de mhéideanna uasteorainneacha na n-acmhainní dílse a mhéadú go sealadach 0,6 pointe céatadáin de shuim OIN na mBallstát uile a eascraíonn as iasachtaíocht a bhaineann le NGEU, go dtí go scoirfidh na dliteanais sin uile de bheith ann, agus ar a dhéanaí, go dtí an 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí.

*p.m. maoiniú inbhuanaithe don Úcráin*

139. Tá uasteorainneacha caiteachais CAI ceangailteach, agus ní dhéanfar an lamháil a ghníomhachtú ach amháin i gcás teagmhais urghnácha. Má mholtar ionstraimí nua nó má ghníomhachtaítear ionstraimí atá ann cheana a bhaineann tairbhe as ráthaíocht ón lamháil, cuirfidh an Coimisiún ar fáil, in éineacht leis an togra, réamhaisnéis mhionsonraithe maidir leis an tionchar ar úsáid na lamhála.

140. I gcás géarchéim thromchúiseach nó dianchruatan a bhainfidh don Aontas Eorpach nó dá Bhallstáit sa tréimhse 2028-2034, nó i gcás baol mór ann go mbainfidh ceann acu sin dóibh, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, trí thromlach cáilithe, i gcomhréir le hAirteagal 311, an ceathrú mír, CFAE, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa agus ag cur san áireamh, an tráth céanna, aon treoir a d'fhéadfadh teacht ón gComhairle Eorpach, údarú a thabhairt don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht go heisceachtúil ar na margaí caipitil le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na gcásanna sin agus chun na críche sin amháin. Ní rachaidh suim na gcistí ar iasacht thar EUR 350 000 milliún don tréimhse 2028-2034. Déanfar méideanna uasteorainneacha na n-acmhainní dílse a mhéadú go sealadach 0,25 pointí céatadáin chun dliteanais uile an Aontais a eascraíonn as iasachtaíocht i gcomhair na ndliteanas sin a chumhdach go dtí go scoirfidh na dliteanais sin de bheith ann, agus chun na críche sin amháin.

141. Tiocfaidh córas nua acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis an fógra a fháil gur chuir an Ballstát deireanach bailchríoch ar na nósanna imeachta lena ghlacadh. Beidh feidhm ag gnéithe uile an chórais sin go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. Mar sin féin, beidh feidhm ag an acmhainn dhílis na seirbhísí digiteacha ón 1 Eanáir an chéad bhliain tar éis na bliana ina mbeidh feidhm ag forálacha ábhartha na Treorach maidir leis an gCóras Comhchoiteann i ndáil le Cáin Seirbhísí Digiteacha ar Ioncaim a eascraíonn as Seirbhísí Digiteacha Áirithe a sholáthar. Leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh le formheas an Chinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse a luaithe is féidir, i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla náisiúnta.

*Acmhainní dílse traidisiúnta*

142. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, coimeádfaidh na Ballstáit, mar chostais bhailiúcháin, 10 % de na méideanna a bhaileoidh siad. [Cuirfear an t-ioncam ó tháille láimhseála de chuid an Aontais ar fáil don Aontas mar acmhainní dílse traidisiúnta ón 1 Eanáir 2028.]

*Acmhainn dhílis bunaithe ar CBL*

143. Cuirfidh an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL glaoráta 0,30 % i bhfeidhm. [Scoirfear ] NÓ [Leanfar] de chaidhpeáil an bhoinn CBL.

*Acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach*

144. Cuirfidh an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte glaoráta EUR 1,25 in aghaidh an chileagraim i bhfeidhm arna choigeartú go bliantúil de réir an bhoilscithe. [Scoirfear] de na laghduithe bliantúla ar chnapshuim NÓ [coinneofar ar bun iad].

*Acmhainní dílse nua*

145. Tabharfar isteach Acmhainní Dílse Nua ina mbeidh an méid seo a leanas:

i) Ranníocaíocht bhliantúil a chomhfhreagraíonn do 3 % den ghlanláimhdeachas bliantúil ó fhógraíocht ar líne, idirghabháil ar líne/seirbhísí ionaid margaidh agus luach airgid a chur ar shonraí úsáideoirí le haghaidh cuideachtaí a sháraíonn tairseach láimhdeachais bhliantúil EUR 50 milliún san Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí digiteacha chomh maith le tairseach láimhdeachais bhliantúil dhomhanda EUR 750 milliún. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle tús a chur an athuair leis an obair ar an Treoir maidir leis an gcomhchóras cánach seirbhísí digiteacha ar ioncaim a eascraíonn as seirbhísí digiteacha áirithe a sholáthar d'fhonn teacht ar chomhaontú go pras in 2027.

ii) Ranníocaíocht náisiúnta arna ríomh bunaithe ar mhéideanna tobac mhonaraithe agus ar mhéideanna táirgí a bhaineann le tobac a scaoiltear lena dtomhailt arna iolrú faoin íosráta is infheidhme maidir le gach Ballstát ag a bhfuil glaoráta 15 % le haghaidh na mBallstát uile.

Chun an tionchar cúlchéimnitheach a mhaolú, tabharfar an glaoráta isteach de réir a chéile i gcás na mBallstát ar mó a meáníocaíocht bhliantúil mheasta le linn 2028-2034 mar sciar san iomlán ná 150 % dá meánsciar OIN 2028-2034, ag tosú le glaoráta 5 % in 2028-2030, ag méadú go 10 % in 2031-2033 go dtí go mbainfear amach an glaoráta iomlán 15 % is infheidhme in 2034. Dá bhrí sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé bailchríoch a chur ar an obair ar athmhúnlú na Treorach maidir le Cánachas Tobac agus ar na leasuithe gaolmhara ar an Treoir maidir le socruithe ginearálta do dhleacht mháil chun go mbeidh na rialacha infheidhme faoin 1 Eanáir 2028.

iii) Ranníocaíocht náisiúnta arna ríomh de réir mheáchan an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh neamhbhailithe ag a bhfuil glaoráta EUR 2,25 in aghaidh an chileagraim arna choigeartú go bliantúil i leith an bhoilscithe.

Leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, ba cheart an Chomhairle a chumhachtú chun athrú a dhéanamh ar an modh chun meáchan na dramhaíola leictrí agus leictreonaí nár bailíodh i mBallstát in aon bhliain ar leith a ríomh, tar éis an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), sna bearta cur chun feidhme don chóras acmhainní dílse (IMSOR).

iv) Ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí 1 (CTA) lena ngabhann glaoráta 30 %.

Chun dul chun cinn an dícharbónaithe de réir a chéile a chur san áireamh, tabharfar an glaoráta isteach de réir a chéile i gcás na mBallstát atá incháilithe don Chiste don Nuachóiriú 2021-2030 le méadú bliantúil 5 phointe céatadáin dar tús glaoráta 0 % in 2028 go dtí go mbainfear amach an glaoráta iomlán 30 % is infheidhme in 2034.

v) Ioncaim ón Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) lena ngabhann glaoráta 100 %.

146. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i dtreo acmhainní dílse nua bunaithe ar chriptea-shócmhainní. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh na bunreachtaíochta earnála is gá in 2028, ag tógáil ar na hoibleagáidí tuairiscithe agus ar an gcreat um uathmhalartú faisnéise a bunaíodh leis an Treoir maidir le Comhar Riaracháin (DAC8).

*Acmhainn dhílis atá bunaithe ar OIN*

147. Níl aon athrú ar ghlaoráta aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm ar shuim OIN gach Ballstáit i bhfianaise suim iomlán na n-ioncam eile go léir. [Scoirfear] NÓ [Leanfar] de na ceartúcháin OIN.

*Ioncam eile*

148. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an moladh ón gCoimisiún fáltais ón bpróiseas roghnúcháin 2 GHz a shannadh do CEI. Thairis sin, ioncam a bhaineann leis na cearta úsáide do bhanda minicíochta speictrim raidió 6 GHz uachtarach, a úsáidtear le haghaidh seirbhísí 6G, rachaidh sé isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam eile, rud a laghdóidh ranníocaíochtaí náisiúnta. Chuige sin, léireoidh an Coimisiún an togra sa reachtaíocht earnála ábhartha faoin gcéad leath de 2028. Ar dhul in éag dóibh agus ar nós imeachta roghnúcháin nua nó ar athnuachan, rachaidh an t-ioncam ó mhinicíochtaí eile ar chuir na Ballstáit luach airgid orthu cheana féin isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncam eile.